

## ❁ An Lúibín ❁

15 Meán Fómhair 2010

### Siúlóid na bliana 2010 - Coogee go Bondi

Beidh siúlóid Ghaeilge ar siúl in New South Wales feadh an chósta ó thrá Coogee go dtí trá Bondi Dé Domhnaigh 3/10/10, agus baille de Scoil na Gaeilge páirteach inti. Beidh faill ag daoine le feidhm a bhaint as pé Gaeilge atá acu.

Tosóidh an tsiúlóid ar 10.00 ar maidin ag linn snámha thrá Coogee agus críochnóidh sí ar 12.30 ag Bondi (Contae Bondi mar a thugtar air uaireanta de bharr a bhfuil d'Éireannaigh le fáil ann).

Teagmháil: Artúr ar [bastablea@yahoo.com](mailto:bastablea@yahoo.com) nó Éilis ar [eilis@internode.on.net](mailto:eilis@internode.on.net) nó ar 0424 718 538.



### Coirpigh Ceanada

Tá Abú Media, comhlacht teilifíse ó Ghaillimh, ag déanamh *Mobs Ceanada* do TG4, sraith faoi Éireannaigh a bhí ina gcoirpigh thall. Ag seo na cláir:

1. The Black Donnellys
2. Ben Kerr
3. John Red Hamilton agus John Dillinger
4. Paddy Mitchell – The Stopwatch Gang
5. Frank Dune Ryan ón West End Gang
6. Brian O’Dea.

Tá agallaimh i mBéarla socraithe acu i gCeanada agus anois táthar ar lorg daoine a bheadh sásta agallamh Gaeilge a dhéanamh faoin ábhar. Beidh siad i mbun oibre ina lán áiteanna – Toronto, Ottawa agus Montréal. Eileen Seoighe an duine teagmhála: [eileen@abumedia.com](mailto:eileen@abumedia.com).

Tá sraith den saghas seo déanta acu cheana faoi na *mobs* i Meiriceá. Ba dheacair a leithéid a dhéanamh san Astráil – bhí cúpla ceithearnach coille ar nós Ned Kelly ann, ach is mó go mór an líon Éireannach a chuaigh sna póilíní (agus neart cainteoirí Gaeilge ina measc).



### Raidió na Gaeltachta: cláir nua

Cúpla clár ar fiú éisteacht leo. Is annamh cúrsaí eolaíochta á bplé i nGaeilge, ach tá clár ann anois a bhfuil éagsúlacht ábhair agus léiriú beoga ag baint leis: *Ar Strae sa tSaotharlann*. É le fáil ar an nGréasán ag <http://www.rte.ie/rnag/arstraesatsaotharlann.html>. Conn Ó Muíneacháin agus Risteard Ó Coisdealbha na láithreoirí.

Lena chois sin tá *Scéalta na Cruinne* – cúrsaí an domhain mhóir (agus an Astráil san áireamh). Cearbhall Ó Síocháin a chuireann an clár seo i láthair, agus Gaeilgeoirí óna lán tíortha le cloisteáil ann. É le fáil ag <http://www.rte.ie/rnag/scealtanacruinne.html>.



### **Oireachtas na Samhna**

In Éirinn tá Oireachtas na Samhna ag teacht, agus i mbliana beidh sé ar siúl i gCill Airne i gContae Chiarraí, áit nach raibh sé ón mbliain 1918. I Leitir Cheanainn a bhí sé anuraidh, agus deirtear nár bhoichtede an áit é: thug sé €5.5 milliún isteach leis. Ní gá a rá nach bhfuil doicheall ar údarais áitiúla Chill Airne roimh an ócáid ná roimh an ór a bhíonn ag siúl léi.

Má tá tú tugtha do na comórtais, beidh siad ann: seó ardáin, rince aonair ar an sean-nós, dreas cainte, amhránaíocht ar an sean-nós, scéalaíocht, agallamh beirte, lúibíní, amhránaíocht nach sean-nós í, amhráin nua-chumtha agus comórtais cheoil uirlise.

Ní hiad na comórtais bun agus barr an scéil: beidh seisiúin agus ceolchoirmeacha ann, leabhair agus dlúthdhioscaí á seoladh agus mar sin de. Glacfar le hiarratais do na comórtais ardáin go dtí an Chéadaoin, 22 Meán Fómhair 2010.

An té a bhfuil breis eolais uaidh, gheobhaidh sé é ag [www.antoireachtas.ie](http://www.antoireachtas.ie).



### **Gaelcholáiste**

*Irish-language preschools are growing in number, but primary level education through Irish has overtaken the provision of secondary schools in Dublin.*

Mol an óige: osclófar ocht naíonra dhéag in Éirinn i mbliana, agus an Ghaeilge mar phríomhtheanga oibre iontu. Sin ocht gcinn i mBaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird, agus roinnt eile i Léim an Bhradáin, sa Droichead Nua (Contae Chill Dara), sa Mhuileann gCearr, i Ráth Naoi (Contae Chill Mhantáin) agus i nGuaire (Contae Loch Garman). Ní bheidh siad in easnamh ar Chúige Mumhan, agus iad le fáil i bPort Láirge, i gCathair Chorcaí, sa Sciobairín agus i gCill Airne. Fágann sin sráidbhaile Liatroma (Contae Liatroma).

Tá dlúthbhaint ag Forbairt Naíonraí Teoranta leis an obair. Eagraíocht dheonach í agus rath ar a saothar. Féach ar [www.naionrai.ie](http://www.naionrai.ie).

Pé rath atá ar naíonraí agus ar ghaelscoileanna, tá deacrachtaí ag roinnt leis an meánscolaíocht, go háirithe i ndeisceart Bhaile Átha Cliath, áit ar deacair do dhaltaí dul ar aghaidh trí Ghaeilge. Mar a dúirt múinteoir amháin, ‘stopann a n-oideachas i nGaeilge ag dhá bhliain déag d’aois’. Tá seacht mbunscoil Ghaeilge i ndeisceart Bhaile Átha Cliath, agus tá ag teip ar an dá mheánscoil – Coláiste Íosagáin agus Coláiste Eoin – freastal ar an líon mór scoláirí atá ag iarraidh ardoideachais trí Ghaeilge. Is féidir leo glacadh le 160 scoláire gach bliain ach tá an dá oiread sin ag fágáil na mbunscoileanna, agus a lán acu á ndiúltú ag na coláistí.

Tá Bunchoiste Ghaelcholáiste Dheisceart Átha Cliath ann ón mbliain 2004 i leith, agus tá suíomh scoile aimsithe acu, áit a dtógfaí Gaelcholáiste idirchreidmheach gan táillí do chailíní agus bhuachaillí. Meastar go bhféadfaí an suíomh (ar seanscoil dhúnta é) a athchóiriú ar €2 mhilliún – margadh maith, i ndáiríre.



### **Príomhírisí na Gaeilge**

*The main Irish-language journals, born in the age of print, have only a minimal presence on-line. Their survival may depend on their mastery of cyberspace.*

Is fada *Feasta* agus *Comhar*, príomhírisí na Gaeilge, ann, agus cuid mhaith de stair liteartha na teanga iontu ó na daichidí i leith. Bhí siad i mbuaic a gcáile agus a réime i ré úd na clódóireachta, i bhfad sular raibh trácht ar chibearspás. Ré eile atá ann anois, ach ar éigean atá a rian sin ar na hirisí céanna.

Féach *Feasta*: 'Is mó aidhm atá againn: an ghearrscéalaíocht a chothú; ardán a chur ar fáil d'fhilí na Gaeilge; scríbhneoirí óga a aimsiú agus a meanma a chothú; scoláirí dara leibhéal agus mic léinn tríú leibhéal a thabhairt i dtreo na scríbhneoireachta Gaeilge; tábhacht na teanga scríofa a áiteamh ar eagraíochtaí Gaeilge; ceardlanna scríbhneoireachta Gaeilge a chothú, agus teagmháil a fhorbairt idir *Feasta* agus ealaíontóirí súl'. Is beag idir seo agus na cuspóirí atá ag *Comhar*.

Tá rún ag an dá iris an t-aos óg a mhealladh, ach tá aghaidh an aosa sin ar spás eile. Ní bhainfidís an doras dá chéile ag iarraidh breith ar an eagrán is déanaí d'iris Ghaeilge ar bith. Ghéill an dá iris don saol úr sa mhéid go bhfuil suíomh idirlín acu beirt; tá teacht ar chuid d'ábhar *Feasta* ann (cé go mbíonn moill orthu ag soláthar na n-eagrán is déanaí) agus ligeann *Comhar* duit teidil na n-alt agus ainmneacha na n-údar a fheiceáil. Tús de shaghas éigin é, cinnte, ach caithfear dul ar aghaidh.

Tá *Comhar* (ar thit an tóin as roinnt blianta ó shin cheal léitheoirí) ag iarraidh mic léinn a mhealladh chuige sna hollscoileanna, ach is baolach nach mór an rath a bheidh ar an iarracht. Ní hé sin le rá nach mbeadh ceannach ar an iris mar atá sí, ach caithfidh sí féin agus *Feasta* an dá thrá a fhreastal i gceart. Is iomaí seift a bheadh ar fáil acu – láneagrán ar líne, blaganna, fístéipeanna féin. Ba dheas an rud é naisc a bheith ann le suímh liteartha eile (i mBéarla agus i dteangacha eile), agus níor mhór do na hirisí a bheith ar fáil ar na gairis is nua. B'fhiú cuimhneamh ar sheift den saghas atá á bheartú ag Apple faoi láthair – 'stalla' leictreonach a mbeadh foilseacháin (irisí Gaeilge as chás seo) le fáil ar líne ann gan dua.

Ba dheacair, áfach, a leithéid a dhéanamh gan bhreis airgid agus acmhainní. Ní féidir a bheith cinnte go mbeadh breis léitheoirí ann dá bharr, agus gan an oiread sin airde ag Gaeilgeoirí óga ar na meáin Ghaeilge i gcoitinne. Ní mór an ráchairt atá ar irisí liteartha i dteanga ar bith, agus rinne *Feasta* agus *Comhar* go maith má éirigh leo an lá atá anois ann a bhaint amach. Ní hé an bealach réidh atá rompu feasta ach a mhalairt.

Tá fadhbanna eile ann. Bíonn na hainmneacha céanna le haithint i gcónaí i measc na scríbhneoirí, agus níl siad siúd ag dul in óige. Má tá borradh faoin líon scrioblálaithe nua is i ngan fhios do shaol na Gaeilge é. Tá dianghá le criticeoirí dearscnaitheacha, ach tá siad thar a bheith gann i nGaeilge. *Feasta* arís: 'Ní miste linn ach oiread scríbhneoirí a aimsiú le seirbhís léirmheastóireachta a sholáthar, i gcás na leabhar Gaeilge atá ag dul i gcló ach go háirithe'. Má tá sé de chuspóir ag na hirisí léitheoirí a mhealladh le tráchtairacht, díospóireacht agus léirmheastóireacht den scoth, ní mór a rá go bhfuil a lán le déanamh fós acu. Ní á mhaíomh ar na heagarthóirí é: tá a sáith ar a gcúram agus iad ag iarraidh eagrán míosúil a chur amach leis an ábhar atá acu.

Caithfidh na hirisí roinnt rudaí a dhéanamh atá dodhéanta, b'fhéidir: leas a bhaint as an gcibearspás, caighdeán inleachtúil an ábhair a fheabhsú agus an t-ábhar sin a léiriú i bhfad níos aigeantaí. Tionscadal riachtanach é – ceann a bhfuil maoiniú, scríbhneoirí éirimiúla agus eagarthóirí treallúsacha ag teastáil chuige. Rachadh sé chun sochair do shaol na Gaeilge go léir, in Éirinn agus thar lear.



### Ficheall agus brannamh

*In Modern Irish ficheall is the name given to chess, and a full set of rules for the game has only just been published in Irish. Before chess reached Ireland ficheall was the name given to a different game, though little is known of its rules. Much more is known of brannamh (or brandubh), the Irish version of a game played by the Vikings, among others.*

Go bhfios dúinn, is í Úna O Boyle an chéad duine a d'fhoilsigh leabhar faoi imirt na fichille i nGaeilge. Le déanaí a tháinig *Ficheall* amach, agus tá an t-údar an-oilte ar an gcluiche – tá gaisce déanta aici i gcomórtais idirnáisiúnta. Thosaigh sí ag imirt fichille in aois a hocht mbliana, agus i gceann cúpla bliain bhí sí in ann ag imreoirí fásta. Imríonn sí ar son na hÉireann sa World Chess Olympiad.

Cúig bliana ó shin thosaigh sí ag múineadh an chluiche i ngaelscoileanna Bhaile Átha Cliath, rud nárbh fhurasta ar dtús. Tá Gaeilge ar a toil ag Úna (is gearr ó bhí sí le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta), ach tharla go raibh bearnaí i dtéarmaíocht fichille na Gaeilge, agus bhí uirthi focail a iarraidh ar an gCoiste Téarmaíochta in Éirinn agus ar chainteoirí dúchais a raibh eolas acu ar an gcluiche.

### An fhicheall stairiúil

Sin í an fhicheall atá ann inniu, ach bhí ficheall eile ann fadó. An cluiche a dtugtar *chess* air i mBéarla (ó *eschecs* na sean-Fhraincise), is dócha nár bhain sé amach an Eoraip go dtí an dóú haois déag. An cluiche a dtugtaí *fidchell* [fíðʲçɛl] air i sean-Ghaeilge (*fidhcheall* i nGaeilge na scol) bhí sé á imirt leis na cianta cairbreacha roimhe sin in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag (áit a dtugtaí *gwyddbwyll* air). Dealraíonn sé gurb ionann ficheall agus *fidh-chiall*.

Níl a fhios againn cé na rialacha a bhain léi sa seansaol, ach is léir go mbíodh dhá imreoir ann, leath na foirne ag gach duine acu agus a dath féin ar gach leath. Thabharfá iarracht ar cheithearnaigh do chéile chomhraic a sháinniú. Déantar tagairt i seantéacs don *bheart ionnarbtha* mar chleas.<sup>1</sup>

Deirtí gurbh é Lú, dia na n-ealaíon, a chum an fhicheall, agus bhí baint aici riamh sna seanscéalta leis an osnádúr. Sna scéalta úd is é cluiche na n-uaisle é; féach Conchúr in *Táin Bó Cúailgne*: 'Is amlaid domel Conchobar a flaith: trián ind laí oc déscin na macraide, a trián n-aill oc imbirth fidchille, a trián n-aill oc ól chorma conid gaib cotlad de' (*Is amhlaidh a chaitheann Conchúr a fhlaith: trián an lae ag féachaint ar na macraí, trián eile ag imirt fichille, trián eile ag ól coirme go ngabhann codladh dó*).<sup>2</sup> Tugtar an-aird ar scéimh an chláir agus na foirne sna seanscéalta: 'Gaibid Fróech iarum imbirt fidchille ri fer dia muntir. Ba caín ind fidchell. Clár findruine and co cethóraib auuib & uilneib óir. Caindel de líc lógmair oc fursunnud dóib. Ór & arggat ind fuirend boí forsín chlár'. (*Gabhann Fraoch ansin ar fhicheall a imirt le fear dá mhuintir. Ba chaoín í an fhicheall. Clár fiondrúine ann le ceithre chorr agus uillinn óir. Coinneal de liag lómhar ag tabhairt solais dóibh. Ór agus airgead an fhoireann a bhí ar an gclár*).<sup>3</sup>

<sup>1</sup> *Eachtra Airt meic Cuind ocus Tochmarc Delbchaim ingen Morgain*; é luaite in 'Early Irish Board Games' alt le Eoin Mac White ar Éigse: <http://www.unicorngarden.com/eigse/eigse01.htm>

<sup>2</sup> *Táin Bó Cúailgne*, mír 382, eagrán CELT: <http://www.ucc.ie/celt/published/G301012/index.html>

<sup>3</sup> *Táin Bó Fraích*, rannóg 8, 81-86, eagrán CELT: <http://www.ucc.ie/celt/published/G301006/index.html>

## *Brannamh*

Cluiche cláir eile ba ea *brannamh* (*bran dubh*) agus baint aige le *tafl* (nó *hnefatafl* mar a thugtaí air sa Lochlainn), cluiche a bhí coitianta in oirthuaisceart na hEorpa. Bhí taoiseach (*branán*) i lár an chláir, ceathrar ina thimpeall lena chosaint, agus iad ag iarraidh é a thabhairt slán chun imeall an chláir i gcoinne ochtair. Ba choitianta an rud é feidhm a bhaint as dísle i gcluichí *tafl*, agus (murab ionann is ficheall) níorbh ionann deis don dá thaobh i dtaca le líon fear de. Bhí cluiche den saghas céanna ag na Breatnaigh.

Tá tagairt do leagan amach na foirne in *Agallamh na Seanórach*, téacs fiannaíochta:<sup>4</sup>

Ata mo brandub co m-bloidh  
isin t-shléib os Leitir Broín,  
cuiciur airgit gil can glór  
ocus ochtur do derg-ór.

*Tá mo bhrannamh go mbladh (i.e. clúiteach) sa sliabh os cionn Leitir  
Bhraoin, cúigear airgid ghil gan ghlór agus ochtar de dhearg-ór.*

Anois agus arís tagann lucht tochailte ar sheanchláir bhrannaimh in Éirinn, ar nós an chláir iomráitigh a fuarthas sa bhliain 1937 ag Baile an Doire i gContae na hIarmhí agus é déanta, go bhfios dúinn, sa 10ú haois. Tá mionphoill ann don fhoireann.

B'fhéidir gur leis na Lochlannaigh a tháinig an cluiche seo chun na hÉireann. Is léir gur tháinig éileamh air, agus is amhlaidh a bhí an scéal nó gur tháinig an fhicheall 'nua' – rud a tharla, is dócha, roimh an 16ú haois.

Ag seo roinnt alt agus eile a bhaineann leis an scéal:

<http://www.unicorngarden.com/fidchell/origins.htm>

<http://www.historicgames.com/learnmore/fid.html>

<http://www.ulyssesinteractive.com/content/games/java/fidchell.html>: Ní hí an tseanficheall atá i gceist anseo i ndáiríre ach leagan spráúil idirghníomhach den bhrannamh. Tabhair faoi!

<http://www.games.hartshorn-dale.org/fitchneal.html>: Brannamh atá i gceist anseo (i ngan fhios don údar) ach is fiú é a léamh.

Helmfrid, Sten (2005), *Hnefatafl: The Strategic Board Game of the Vikings*:

[http://hem.bredband.net/b512479/Hnefatafl\\_by\\_Sten\\_Helmfrid.pdf?bcsi\\_scan\\_52FB1F9A17E12BC9=0&bcsi\\_scan\\_filename=Hnefatafl\\_by\\_Sten\\_Helmfrid.pdf](http://hem.bredband.net/b512479/Hnefatafl_by_Sten_Helmfrid.pdf?bcsi_scan_52FB1F9A17E12BC9=0&bcsi_scan_filename=Hnefatafl_by_Sten_Helmfrid.pdf)

---

<sup>4</sup> *Acallamh na Senórach*, línte 3949-3950, eagrán CELT:

<http://www.ucc.ie/celt/published/G303000/index.html>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com)  
nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to  
[rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).*

## Gaelcholáiste

Osclófar ocht naíonra dhéag in Éirinn i mbliana, agus an Ghaeilge mar theanga oibre iontu. Beidh ocht gcinn acu i mBaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird.<sup>5</sup> Tá baint<sup>6</sup> ag Forbairt Naíonraí Teoranta leis an obair: féach ar [www.naionrai.ie](http://www.naionrai.ie).

Tá deacrachtaí ag baint leis an meánscolaíocht,<sup>7</sup> áfach, go háirithe i ndeisceart Bhaile Átha Cliath. Tá seacht ngaelscoil i ndeisceart Bhaile Átha Cliath, agus tá ag teip ar<sup>8</sup> an dá mheánscoil – Coláiste Íosagáin agus Coláiste Eoin – freastal ar<sup>9</sup> an líon mór scoláirí atá ar lorg ardoideachais trí Ghaeilge.

Tá Bunchoiste Ghaelcholáiste Dheisceart Átha Cliath ann ón mbliain 2004 i leith,<sup>10</sup> agus tá suíomh scoile aimsithe<sup>11</sup> acu. Bheadh Gaelcholáiste idirchreidmheach<sup>12</sup> gan táillí ann do chailíní agus bhuachaillí. Deirtear gur féidir an suíomh a athchóiriú ar €2 mhilliún – margadh maith.

## Príomhirsí Gaeilge

Is fada atá *Feasta* agus *Comhar*, príomhirsí na Gaeilge, ann. Is iomaí<sup>13</sup> aidhm atá acu: an ghearrscéalaíocht agus an fhilíocht a chothú, scríbhneoirí óga a mhisniú agus tábhacht na teanga scríofa a áiteamh ar eagraíochtaí Gaeilge, i measc<sup>14</sup> rudaí eile.

Tá rún ag an dá iris daoine óga a mhealladh, ach is beag suim atá acu siúd<sup>15</sup> in ábhar clóite. Tá suímh idirlín ag an dá iris, ach caithfear<sup>16</sup> i bhfad níos mó a dhéanamh: eagráin ar líne, blaganna,<sup>17</sup> naisc le suímh liteartha eile, agus na hirsí a bheith ar fáil ar na gairis is nua.<sup>18</sup>

Ba dheacair, áfach, a leithéid a dhéanamh gan bhreis airgid agus acmhainní. Ní féidir a bheith cinnte go mbeadh breis léitheoirí ann dá bharr, agus gan mórán airde<sup>19</sup> ag Gaeilgeoirí óga ar na meáin Ghaeilge. Mar sin féin, ní mór do na hirsí lánúsáid<sup>20</sup> a bhaint as an Idirlíon agus as áiseanna leictreonacha más mian teacht slán<sup>21</sup> sa saol nua.

## Ficheall agus brannamh

Is í Úna O Boyle an chéad duine a d'fhoilsigh leabhar faoi imirt na fichille i nGaeilge. Le déanaí a tháinig *Ficheall* amach, agus tá an t-údar an-oilte ar an gcluiche – tá gaisce déanta aici<sup>22</sup> i gcomórtais idirnáisiúnta.

Tá Gaeilge ar a toil ag Úna (is gearr ó bhí sí le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta).

<sup>5</sup> Máguaird – roundabout

<sup>6</sup> Baint (le) – connection with

<sup>7</sup> Meánscolaíocht – secondary education

<sup>8</sup> Ag teip ar - failing

<sup>9</sup> Freastal ar – cater for, attend to

<sup>10</sup> Ón bliain 2004 i leith – from 2004 till now

<sup>11</sup> Aimsithe - found

<sup>12</sup> Idirchreidmheach - interfaith

<sup>13</sup> Is iomaí – there is/are many

<sup>14</sup> I measc - among

<sup>15</sup> Siúd – the aforementioned

<sup>16</sup> Caithfear – it is necessary

<sup>17</sup> Blaganna – blogs

<sup>18</sup> Na gairis is nua – the latest devices

<sup>19</sup> Mórán airde – much regard, attention

<sup>20</sup> Lánúsáid – full use

<sup>21</sup> Teacht slán – emerge safely

<sup>22</sup> Tá gaisce déanta aici – she has achieved great things

Bhí ficheall eile ann fadó. Níl a fhios againn cé na rialacha a bhain léi sa seansaol, ach is léir go mbíodh dhá imreoir ann agus an méid céanna ceithearnach ag gach duine acu. Thabharfá iarracht ar cheithearnaigh do chéile chomhraic a sháinniú.

Deirtí gurbh é Lú, dia na n-ealaíon, a chum an fhicheall, agus bhí baint aici riamh sna seanscéalta leis an osnádúr. Sna scéalta úd is é cluiche na n-uaisle é.

Cluiche cláir eile ba ea brannamh (bran dubh) agus baint aige le *tafl*, cluiche a bhí coitianta in oirthuaisceart na hEorpa. Bhí taoiseach (*branán*) i lár an chláir, ceathrar ina thimpeall lena chosaint,<sup>23</sup> agus iad ag iarraidh<sup>24</sup> é a thabhairt chun imeall an chláir i gcoinne ochtair. Bhí cluiche den saghas céanna ag na Breatnaigh. Anois agus arís tagann lucht tochailte ar sheanchláir bhrannaimh in Éirinn.

---

<sup>23</sup> Lena chosaint – to defend him

<sup>24</sup> Ag iarraidh - trying